

## Dealg 'na Teamhrach' an t-ochtú haois



Níor thángthas ar Dhealg 'na Teamhrach' i dTeamhair. Thángthas uirthi i mBaile an Bhiataigh, Co. Na Mí, ar baile cois farraige é gar do Dhroichead Átha, Co. Lú.

Thug déileálaí seodra Dealg 'na Teamhrach' mar ainm uirthi mar gur cheap sé go mbeadh sí níos luachmhaire dá mbeadh baint aici le Teamhair.

De ghnáth, bíonn dath buí ar ómra.

Faightear corpáin feithidí in ómra uaireanta.

Na mílte bliain, nó fiú amháin na milliúin bliain, ó shin chuaigh na feithidí sin i bhfostú i roisín greamaitheach an chrainn agus d'éirigh sé sin cruá le himeacht aimsire.